



## **SEANAD ÉIREANN**

---

### **AN BILLE UM AN gCEATHRÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACT (COMHIONANNAS PÓSTA), 2015 THIRTY-FOURTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (MARRIAGE EQUALITY) BILL 2015**

#### **LEASUITHE COISTE COMMITTEE AMENDMENTS**

---



# SEANAD ÉIREANN

---

## AN BILLE UM AN gCEATHRÚ LEASÚ IS TRÍOCHA AR AN mBUNREACHT (COMHIONANNAS PÓSTA), 2015 —AN COISTE

### THIRTY-FOURTH AMENDMENT OF THE CONSTITUTION (MARRIAGE EQUALITY) BILL 2015 —COMMITTEE STAGE

---

#### *Leasuithe Amendments*

---

#### SECTION 1

##### ALT 1

1. In page 4, line 12, to delete “the section” and substitute “the sections”.

—*Senator Rónán Mullen.*

I leathanach 5, líne 12, “an t-alt a bhfuil an téacs de” a scriosadh agus “na hailt a bhfuil an téacs díobh” a chur ina ionad.

—*An Seanadóir Rónán Mullen.*

2. In page 4, line 14, to delete “the section” and substitute “the sections”.

—*Senator Rónán Mullen.*

I leathanach 5, líne 14, “an t-alt a bhfuil an téacs de” a scriosadh agus “na hailt a bhfuil an téacs díobh” a chur ina ionad.

—*An Seanadóir Rónán Mullen.*

#### SECTION 2

##### ALT 2

3. In page 4, lines 19 and 20, to delete “Thirty-fourth Amendment of the Constitution (Marriage Equality) Act 2015” and substitute “Thirty-Fourth Amendment of the Constitution (Redefinition of Marriage) Act 2015”.

—*Senator Jim Walsh.*

I leathanach 5, línte 19 agus 20, “an tAcht um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta), 2015” a scriosadh agus “an tAcht um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Pósadh a Athmhíniú), 2015” a chur ina ionad.

—*An Seanadóir Séamus Breathnach.*

4. In page 4, lines 19 and 20, to delete “Thirty-fourth Amendment of the Constitution (Marriage Equality) Act 2015” and substitute “Thirty-fourth Amendment of the Constitution (Marriage Without Distinction as to Sex) Act 2015”.

—*Senator Rónán Mullen.*

[SECTION 2 / ALT 2]

I leathanach 5, línte 19 agus 20, “an tAcht um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Comhionannas Pósta), 2015” a scriosadh agus “an tAcht um an gCeathrú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Pósadh gan beann ar Ghnéas), 2015” a chur ina ionad.

—*An Seanadóir Rónán Mullen.*

SCHEDULE  
AN SCEIDEAL

5. In page 6, between lines 3 and 4, to insert the following:

“5 D’ainneoin alt 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Stát cearta an linbh chun aithne, chomhluadar agus chúram a mháthar nó a máthar géinití agus a athar nó a hathar géinitigh agus chun go n-aithneofaí iad sa dlí mar a bheirt tuistí nó a beirt tuistí a urramú ina dhlíthe agus, sa mhéid gur féidir é, na cearta sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe, ach amháin in imthosca neamhchoiteanna i gcás go mbeadh an aithne sin, an comhluadar sin, an cúram sin nó an t-aitheantas sin sa dlí, de réir mar a bheidh, contrártha do leasanna an linbh áirithe lena mbaineann.”.

In page 6, after line 6, to insert the following:

“5 Notwithstanding section 4 of this Article, the State shall respect in its laws and, as far as practicable, by its laws defend and vindicate the rights of the child to the knowledge, company and care of his or her genetic mother and father and to their recognition in law as his or her two parents, save in exceptional circumstances where such knowledge, company, care or recognition in law, as the case may be, would be contrary to the best interests of the particular child concerned.”.

—*Senator Rónán Mullen.*

I leathanach 7, idir línte 3 agus 4, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 D’ainneoin alt 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Stát cearta an linbh chun aithne, chomhluadar agus chúram a mháthar nó a máthar géinití agus a athar nó a hathar géinitigh agus chun go n-aithneofaí iad sa dlí mar a bheirt tuistí nó a beirt tuistí a urramú ina dhlíthe agus, sa mhéid gur féidir é, na cearta sin a chosaint is a shuíomh lena dhlíthe, ach amháin in imthosca neamhchoiteanna i gcás go mbeadh an aithne sin, an comhluadar sin, an cúram sin nó an t-aitheantas sin sa dlí, de réir mar a bheidh, contrártha do leasanna an linbh áirithe lena mbaineann.”.

I leathanach 7, i ndiaidh líne 6, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 Notwithstanding section 4 of this Article, the State shall respect in its laws and, as far as practicable, by its laws defend and vindicate the rights of the child to the knowledge, company and care of his or her genetic mother and father and to their recognition in law as his or her two parents, save in exceptional circumstances where such knowledge, company, care or recognition in law, as the case may be, would be contrary to the best interests of the particular child concerned.”.

—*An Seanadóir Rónán Mullen.*

6. In page 6, between lines 3 and 4, to insert the following:

“5 D’ainneoin aon fhoráil eile den Bhunreacht seo, tabharfar tosaíocht, i réiteach na n-imeachtaí go léir a bhaineann le leanbh a uchtáil, do mháthair uchtaíoch agus athair uchtaíoch atá pósta go bailí lena chéile a thabhairt do leanbh, sa mhéid gur féidir é, ach amháin más gá a mhalairt ar mhaithe le leasanna an linbh.”.

In page 6, after line 6, to insert the following:

“5 Notwithstanding any other provision of this Constitution, in the resolution of all proceedings concerning the adoption of a child, preference shall be given, as far as is practicable and save where the best interests of the child require otherwise, to providing a child with an adoptive mother and an adoptive father validly married to each other.”.

—*Senator Rónán Mullen.*

I leathanach 7, idir línte 3 agus 4, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 D’ainneoin aon fhoráil eile den Bhunreacht seo, tabharfar tosaíocht, i réiteach na n-imeachtaí go léir a bhaineann le leanbh a uchtáil, do mháthair uchtaíoch agus athair uchtaíoch atá pósta go bailí lena chéile a thabhairt do leanbh, sa mhéid gur féidir é, ach amháin más gá a mhalairt ar mhaithe le leasanna an linbh.”.

I leathanach 7, i ndiaidh líne 6, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 Notwithstanding any other provision of this Constitution, in the resolution of all proceedings concerning the adoption of a child, preference shall be given, as far as is practicable and save where the best interests of the child require otherwise, to providing a child with an adoptive mother and an adoptive father validly married to each other.”.

—*An Seanadóir Rónán Mullen.*

7. In page 6, between lines 3 and 4, to insert the following:

“5 Ní cead alt 4 den Airteagal seo a agairt chun oibriú Airteagail 42 nó 44 nó na saoirsí agus na cearta a admhaítear sna hAirteagail sin a thoirmeasc nó a rialú nó a bhac.”.

In page 6, after line 6, to insert the following:

“5 Section 4 of this Article shall not be invoked to prohibit, control, or interfere with the operation of Articles 42 or 44 or the freedoms and rights recognised in those Articles.”.

—*Senator Rónán Mullen.*

[SCHEDULE / AN SCEIDEAL]

I leathanach 7, idir línte 3 agus 4, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 Ní cead alt 4 den Airteagal seo a agairt chun oibriú Airteagail 42 nó 44 nó na saoirsí agus na cearta a admhaítear sna hAirteagail sin a thoirmeasc nó a rialú nó a bhac.”.

I leathanach 7, i ndiaidh líne 6, an méid seo a leanas a chur isteach:

“5 Section 4 of this Article shall not be invoked to prohibit, control, or interfere with the operation of Articles 42 or 44 or the freedoms and rights recognised in those Articles.”.

—*An Seanadóir Rónán Mullen*